DUNDALK
INSTITUTE OF TECHNOLOGY
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA
DHÚN DEALGAN





# PLEAN STRAITÉISEACH ITDD 2017-2019

NASC LEIS **AN SAOL MÓR**



NASC LEIS AN BHFOGHLAIM

NASC LEIS AN BPOBAL

NASC LEIS AN DTODHCHAÍ

# CLÁR NA nÁBHAR


**Gluais** 4

**Brollach agus Ráiteas an Chathaoirligh** 5

**1. Réamhrá** 7

**2. Comhthéacs, Cúlra agus Próifíl Reatha** 10
- 2.1 Comhthéacs 10
- 2.2 Cúlra agus Próifíl Reatha 12

**3. Treo sa Todhchaí, Misean, Fís agus Luachanna ITDD | DkIT** 16
- 3.1 Treo sa Todhchaí 16
- 3.2 Misean, Fís agus Luachanna 18

**4. Cuspóirí agus Aidhmeanna ITDD le linn 2017-2019** 20
- 4.1 Aidhmeanna, Cuspóirí, ETF (KPI) agus Spriocanna Straitéiseacha 21
- 4.2 Cur i bhfeidhm agus dul chun cinn a thuairisciú 36

**Tagairtí** 37

**Aguisín 1: Freagracht Feidhmiúcháin** 38

# GLUAIS

| | |
|---|---|
| IBTUÉ \| AIRO | An tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann |
| RADCC \| ATP | Rochtain, Aistriú agus Dul Chun Cinn |
| Athena Swan | Dul chun cinn in aitheantas a thabhairt ar chomhionannas inscne: ionadaíocht, dul chun cinn agus rath ar chách. |
| LOI \| CAO | Lár-Oifig Iontrála |
| IBFFT \| CELT | An tIonad Barr Feabhais um Fhoghlaim agus Teagasc |
| FGL \| CPD | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| POS \| CSO | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| OCBÁC \| DCU | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath |
| ITDD \| DkIT | Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan |
| RCS \| DSP | An Roinn Coimirce Sóisialaí |
| FÉ \| EI | Fiontraíocht Éireann |
| BOO \| ETB | Boird Oideachais agus Oiliúna |
| AE \| EU | An tAontas Eorpach |
| BO \| FE | Breisoideachas |
| L/A \| F/T | Lánaimseartha |
| OBL \| GVA | Oll-Bhreisluach |
| AO \| HE | Ardoideachas |
| ÚAO \| HEA | An tÚdarás um Ardoideachas |
| IA \| HEI | Institiúid Ardoideachais |
| H2020 | Horizon 2020 |
| ÚFT \| IDA | An tÚdarás Forbartha Tionscail |
| IoT | Institiúid Teicneolaíochta |
| SÉRML \| ISSE | Suirbhé na hÉireann um Rannpháirtíocht Mac Léinn |
| ETF \| KPI | Eochairtháscairí Feidhmíochta |
| OFÁ \| LEO | Oifig Fiontair Áitiúil |
| OLT/BÁCT \| MEND | Oirthear Lár Tíre / Baile Átha Cliath Thuaidh |
| MT \| MOU | Meamram Tuisceana |
| IN \| NE | Iontrálaithe Nua |
| CBATT \| NEFHEA | An Comhaontas Breisoideachais agus Ardoideachais Thoir Thuaidh |
| CNC \| NFQ | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| ECFE \| OECD | An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| IFR \| RDC | Ionad Forbartha Réigiúnach |
| IFFML \| SLDC | Ionad Foghlama agus Forbartha Mac Léinn |
| CTML \| SRS | Córas Taifead Mac Léinn |
| ETIM \| STEM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic |
| ETIEM \| STEAM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaíona agus Matamaitic |
| An Réigiún | Na Contaetha Lú, Muineacháin, Cabháin, na Mí agus Tuaisceart BÁC |
| OAT \| TTO | Oifig Aistrithe Teicneolaíochta |
| TATT \| TTSI | An Tionscnamh um Aistriú na Teicneolaíochta a Threisiú |
| OT \| TU | Ollscoil Teicneolaíochta |
| FCL \| WTE | Foghlaimeoirí Coibhéise Lánaimseartha |



# BROLLACH

Thug Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (ITDD | DkIT) aghaidh ar dhúshláin shuntasacha le linn tréimhse an Phlean Straitéisí is déanaí (2011-2016). Bhí na tosaíochtaí náisiúnta a sonraíodh sa Straitéis Náisiúnta um Ardoideachas, suas go 2030, uaillmhianach agus chuir siad treo nua ar fáil le córas ardoideachais soiléir agus comhoibríoch a fhorbairt trí bhraislí réigiúnacha agus ollscoileanna teicneolaíochta. Cuireadh béim níos mó ar na róil éagsúla atá ag an ardoideachas sa bhfoghlaim agus sa teagasc, sa taighde agus sa ghníomhú chun go mbeadh tionchar níos suntasaí ag lucht an ardoideachais a sainchúramaí a bhaint amach go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Léiríodh an fhreagracht agus an chuntasacht seo arís sa phróiseas plé straitéisigh a rinneadh don tsamhail chistithe feidhmíochta agus i bhforbairt Chomhshocruithe Feidhmíochta Misean-Bhunaithe san Institiúid. Le linn an ama seo, tá ciorruithe leantacha agus suntasacha tar éis tarlú san ardoideachas go ginearálta, agus in ITDD ach go háirithe, agus tá laghdú acmhainní tarlaithe ó thaobh foirne, caipitil agus infreastruchtúir de. Mar sin féin, rinne lucht na hInstitiúide a ndícheall na cuspóirí leagtha amach ina bPlean Straitéiseach a bhaint amach agus d'éirigh leo na príomh-aidhmeanna agus spriocanna straitéiseacha ann a chur i gcrích.

Tá sé cruthaithe ag ITDD go bhfuil sí in ann a bheith oiriúnaitheach agus athléimneach i gcás aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dheacra agus athruithe a bhainistiú, ag baint barr feabhais amach sa bhfoghlaim, sa taighde agus sa ghníomhú. Sa bhliain 2016, luaigh an ECFE (OECD) ITDD mar eiseamláir dea-chleachtais san Eoraip as fiontraíocht a leabú san oideachas agus ba mhór an onóir é gur bhronn an Coimisiún Eorpach Dámhachtain Taighde as Barr Feabhais AO | HR ar ITDD. Is comhartha aitheantais é dámhachtain dá leithéid de mhórghníomhartha na foirne i soláthar ardchaighdeán ardoideachais a bhí tacaithe ag taighde agus teagmháil, agus is mór an buntáiste a bhí ann dár bhfoghlaimeoirí agus don réigiún go ndéanaimid freastal air.

Fanfaidh suíomh ITDD socair i dtimpeallacht an ardoideachais go náisiúnta agus déanfaimid na gaolta le comhpháirtithe straitéiseacha a threisiú. Nuair is cuí, cuirfidh an Insitiúid roimpi comhaontais nua a chruthú chun forbairt todhchaí a dhaingniú. Cuirfidh ITDD béim straitéiseach ar a clár oibre idirnáisiúnaithe agus fanfaidh sí sa ról ceannasach atá aici sa réimse seo. Beidh an Institiúid gníomhach i ngach ceantar sa réigiún chun deiseanna oideachais, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a chur ar fáil.

Lárnach i dtéama na straitéise seo tá an pobal go ndéanann an Institiúid freastal orthu - a pobal inmheánach foghlaimeoirí agus foirne agus páirithe leasmhara seachtracha, lena n-áirítear fostóirí, fiontair, eagraíochtaí pobail agus eile. Beidh ITDD mar sholáthraí ardoideachais dírithe go príomha ar a réigiún féin. Thairis sin, déanfaidh an Insitiúid a dícheall riachtanais na bhfostóirí a chomhlíonadh trí chreat gníomhaithe comhoibríoch.

Níl ach trí institiúid teicneolaíochta atá suite ar an dteorainn le Tuaisceart Éireann agus tá ITDD ina measc, agus is cinnte go mbeidh tionchar ag Brexit agus na dúshláin agus na deiseanna a d'eascair as ar ITDD. Tá ITDD tiomanta don chomhoibriú leantach le comhghleacaithe agus le páirtithe straitéiseacha i dTuaisceart Éireann chun todhchaí réigiún na teorann a dhaingniú.

Leagann an Straitéis seo uaillmhian nua amach do ITDD atá aireach ar shrianta leantacha airgeadais. Leanfaidh an Institiúid ar aghaidh ag déanamh freastail ar fhoghlaimeoirí, ar fhostóirí, ar phobail agus ar an réigiún.

**Ann Campbell**
**Uachtarán**

> Leagann an Plean Straitéiseach 2017-2019 treo nua amach do ITDD chun a suíomh a chinntiú agus a neartú i dtimpeallacht an ardoideachais. Táimid tar éis machnamh a dhéanamh ar na gníomhartha a thugamar chun críche agus na dúshláin a bhí romhainn san am atá thart, agus rinneamar machnamh ar an todhchaí chomh maith.



# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



Thar ceann Chomhlacht Rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, tá áthas orm Plean Straitéiseach 2017-2019 d'Intstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (ITDD | DkIT) a chur i láthair.

Déanaim comhghairdeas leis an bhfoireann uile as na cuspóirí agus na spriocanna a bhí leagtha amach sa Phlean Straitéiseach (2011-2016) a bhaint amach. Tá ITDD tiomanta d'ardchaighdeán feabhais a bhaint amach san uile rud a dhéanaimid. In am go raibh srianta suntasacha airgeadais ann, rinne an Comhlacht Rialaithe, an Feidhmeannas agus lucht na foirne sár-obair chun an Institiúid a choimeád daingean le leas ár bhfoghlaimeoirí agus ár bpobail a chinntiú. Léiríodh an tiomantas seo sa tslí gur tógadh áiseanna nua spóirt agus fóillíochta sa bhliain 2014, agus is iomaí sampla eile atá le feiceáil.

Leagann Plean Straitéiseach 2017-2019 misean agus fís amach d'ITDD chun a chinntiú go gcruthaíonn sí áit cheannasach di féin i dtimpeallacht an Ardoideachais in Éirinn. Tá na haidhmeanna agus na cuspóirí atá leagtha amach anseo buntacaithe ag na tosaíochtaí polasaí náisiúnta. Dearbhaíonn agus neartaíonn na haidhmeanna agus na cuspóirí seo téarmaí tagartha réigiúnach na hInstitiúide chomh maith, gan teacht salach ar an gclár oibre náisiúnta don ardoideachas.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhghleacaithe sa Chomhlacht Rialaithe, leis an mBord Feidhmiúcháin, le foireann agus mic léinn na hInstitiúide, le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara, le fostóirí agus leis an bpobal i gcoitinne as gach ní atá déanta acu don Institiúid. Tá todhchaí geal romhainn anseo san Institiúid agus, le tacaíocht agus tiomantas ónár bpáirtithe leasmhara, níl aon dabht ach go mbainfear amach cuspóirí ár straitéise thar na trí bliana atá le teacht.

Braithim go mbeidh ról suntasach ag ITDD i saol oideachais, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha ár réigiúin ar feadh i bhfad.

**Clifford Kelly**
**Cathaoirleach an Chomhlacht Rialaithe**



RANNÓG A HAON

# RÉAMHRÁ

Tá an clú atá bainte amach ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (ITDD) mar sholáthraí ceannasach ardoideachais i réigiún an Oirthuaiscirt tuillte aici, le foghlaimeoirí meallta aici go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cuireann an Plean Straitéiseach 2017-2019 le mórghníomhartha na bpleananna roimhe agus leagann sé misean agus fís na hInstitiúide amach do na trí bliana atá le teacht. Forbraíodh an plean seo díreach i ndiaidh chúlaithe eacnamaíochta domhanda agus ag am ina bhfuil an-chuid éiginnteachta le braith, go háirithe i ndiaidh an chinnidh ón Ríocht Aontaithe imeacht as an Aontas Eorpach (Brexit).  Maraon leis an ról casta agus ilghnéitheach atá ag earnáil ardoideachais na hÉireann i gcoitinne, cuireann Brexit dúshláin agus deiseanna breise romhainn chomh maith. D'Institiúid Teicneolaíochta atá suite ar an t-aon teorainn talún idir an RA agus an AE, tá sé seo thar a bheith tábhachtach. Tá plean straitéiseach nua ITDD, mar sin, tar éis seo a chur san áireamh go mór. Léiríonn an Plean treo straitéiseach na hInstitiúide agus muid ag druidim i dtreo 2020 agus dearbhaítear athnuachan cuspóra ann cur le réigiún an Oirthuaiscirt, leis an réigiún trasteorann agus le beartais náisiúnta ábhartha.

Forbraíodh an Plean Straitéiseach 2017-2019 idir Iúil agus Nollaig 2016 agus mairfidh sé trí bliana. Aontaíodh ar an tráthchlár le roinnt príomh-ghnéithe curtha san áireamh ag an am gur scríobhadh é. Iad seo a leanas trí shampla de na gnéithe céanna:

1. Ceapacháin shinsearacha shuntasacha a mheastar a tharlóidh sa bhliain 2017;
2. Gealltanais leantacha faoi Phlean Airgeadais ITDD 2015-2018, ar ghlac Comhlacht Rialaithe ITDD leo agus a d'fhaomh an ÚAO (HEA) i mí Eanáir 2015;
3. Cúrsa nua de Chomhshocruithe Feidhmíochta an ÚAO (HEA) Misean-Bhunaithe i ndiaidh 2016.



Ghlac an Institiúid le próiseas pleanála straitéisí atá cuimsitheach, ina mbeidh an-chuid comhairliúcháin ann agus ina bhfuil trí chéim ann. Chinntigh seo go mbeadh na cuspóirí agus na haidhmeanna straitéiseacha sonraithe sa Phlean ar aon dul le tosaíochtaí polasaí náisiúnta don ardoideachas in Éirinn agus go mbeadh an Institiúid sa suíomh ceart chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí, na bhfostóirí agus na bpáirtithe leasmhara i réigiún an Oirthuaiscirt.

## CÉIM 1

## ATHBHREITHNIÚ AR EOCHAIR-DHOICIMÉID PHOLASAÍ AGUS ANAILÍS AR AN TIMPEALLACHT SHEACHTRACH

Rinneadh athbhreithniú ar eochair-dhoiciméid pholasaí agus ar thuairiscí earnála chun cúlra comhthéacsúil a chur ar fáil le Plean Straitéiseach nua a fhorbairt agus leis an bpróiseas a stiúradh. Chabhraigh seo linn tosca seachtracha agus an mhacraithimpeallacht, ina mbeidh an Institiúid ag déanamh pleanála maidir lena treo straitéiseach amach anseo, a aithint agus a scóipeáil. Thairis sin, tiomsaíodh agus athbhreithníodh raon foinsí sonraí chun an próiseas foriomlán a stiúradh. Ina measc siúd, *inter alia*:

- **a** Eochair-shonraí staitistiúla ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear Solas, an tÚAO (HEA), Ranna Rialtais, POS (CSO) agus IBTUÉ (AIRO);
- **b** Tuarascálacha maidir le riachtanais scileanna agus tuarascálacha ar phróifílí tionscail don réigiún;
- **c** Tosca seachtracha, a mbeadh tionchar acu nó a thiocfadh salach ar ardoideachas na hÉireann;
- **d** Treochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta san ardoideachas agus
- **e** dea-chleachtas san ardoideachas a sholáthar ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.



## CÉIM 2

## ANAILÍS AR THOSCA INMHEÁNACHA AGUS RIACHTANAIS SA TODHCHAÍ

I ndiaidh an athbhreithnithe ar an timpeallacht sheachtrach, rinneadh machnamh ar na tosca inmheánacha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar threo straitéiseach na hInstitiúide. Rinneadh anailís ar sheasamh reatha na hInstitiúide sa mhachnamh céanna. Bhí an-chuid den obair seo curtha i gcrích cheana féin nuair a bhí Plean Airgeadais na hInstitiúide 2015-2018 á ullmhú agus tá sé ar fáil sa Tuarascáil is déanaí ar Dhul Chun Cinn a seoladh chuig an ÚAO (HEA) maidir leis an gComhshocrú Feidhmíochta Misean-Bhunaithe. Rinneadh an machnamh cuí orthu seo a leanas:

- **a** Sonraí agus staitisticí inmheánacha a léiríonn treochtaí in eochair-mhéadracht a chuimseodh: líon na bhfoghlaimeoirí; idirnáisiúnú; cistiú taighde; sonraí agus gníomhú fiontraíochta;
- **b** Athbhreithniú ar an bPlean Straitéiseach reatha, le roinnt fo-straitéisí san áireamh;
- **c** Anailís ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí na hInstitiúide chun na príomh-thosca éagsúlachta a aithint idir sinne agus an chuid eile den Earnáil IA (HEI) in Éirinn;
- **d** Fo-straitéisí agus pleananna don Phlean Straitéiseach nua a aithint, agus a fheiceáil an bhfuil gá leo agus
- **e** Na Comhshocruithe Feidhmíochta Misean-Bhunaithe sa chéad chéim eile ag an ÚAO (HEA). Bhí sé seo comhlánaithe ag sraith seisiún comhairliúcháin le raon páirtí leasmhar seachtrach agus inmheánach chun riachtanais reatha agus todhchaí a mheas. I measc na seisiún comhairliúcháin seo bhí seisiúin le lucht foirne ag leibhéil Scoile agus feidhmiúcháin agus le foghlaimeoirí, leis an mBord Feidhmiúcháin, leis an gComhlacht Rialaithe maraon le grúpaí agus eagraíochtaí seachtracha lena n-áirítear OCBÁC (DCU), CBATT (NEFHEA), BOOÉ (ETB), FÉ (EI), ÚFT (IDA), OFÁ (LEO), RCS (DSP), Fóram Scileanna, Comhairlí Contae agus le páirtithe leasmhara sa tionscal agus sa phobal.

## CÉIM 3

## MEASÚNÚ AR AGUS ROGHNÚ ROGHANNA STRAITÉISEACHA

I ndiaidh Céim 1 agus 2 a chur i gcrích, rinneadh machnamh i gCéim 3 ar na bealaí straitéiseacha a bhí ar fáil don Instituíd agus ar an mbeartú tosaíochta agus ar na cuspóirí agus aidhmeanna straitéiseacha a cuireadh i bhfeidhm chun uaillmhianta na hInstitiúide don todhchaí a bhaint amach. I ndiaidh seo, aithníodh eochairtháscairí feidhmíochta do gach cuspóir chun go bhféadfaí dul chun cinn a mheas. Rinneadh machnamh cothrom le cinntiú go mbeadh an straitéis ar aon dul Comhshocruithe Feidhmíochta Misean-Bhunaithe an ÚAO (HEA). Tá an Plean Straitéiseach, dá bharr, deartha le hocht bpríomh-réimse san áireamh:

1. Braislí Réigiúnacha;
2. Cothroime Rochtana sa Rannpháirtíocht agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil;
3. Foghlaim agus Teagasc Barr Feabhais agus Eispéireas Foghlama Ardchaighdeáin a Sholáthar don Fhoghlaimeoir;
4. Taighde agus Nuálaíocht Ardchaighdeáin agus a bheadh Iomaíoch go hIdirnáisiúnta;
5. Teagmháil níos fearr le Fiontair agus leis an bPobal agus Malartú Eolais Leabaithe;
6. Idirnáisiúnú Leasaithe;
7. Comhdhlúthú Institiúide agus;
8. Athruithe a Chur i bhFeidhm.

Tá an Plean Straitéiseach 2017-2019 stiúrtha ag dálaí airgeadais agus acmhainne na hInstitiúide.



RANNÓG A DÓ

# COMHTHÉACS, CÚLRA AGUS PRÓIFÍL

## 2.1 COMTHÉACS

Forbraíodh Plean Straitéiseach 2017-2019 i gcomhthéacs timpeallachta dúshlánaí, síor-athraithí. Le hÉire díreach ag teacht as cúlú eacnamaíochta, tá institiúidí ardoideachais na tíre faoi bhrú mór na dualgais a chomhlíonadh a bhaineann le soláthar ardoideachais ardchaighdeáin, le hacmhainní teoranta atá ag dul i laghad - idir acmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais. Tá ITDD tar éis ciorruithe ina maoiniú ón stát a bhraith, a d'eascair as an ngéarchéim airgeadais, agus tá líon na bhfoghlaimeoirí tar éis dul i méid. Le linn an ama seo, tá raon athruithe suntasacha i bpolasaí an ardoideachais tar éis teacht isteach chun go gcuimseofaí seo a leanas:

1. Straitéis chun athsrtuchtúrú agus leasú a dhéanamh ag leibhéal córais trí ollscoileanna teicneolaíochta agus braislí IA (HEI) sa réigiún a bhunú. *(An Straitéis Náisiúnta Ard-Oideachais go dtí 2030, Clár Comhpháirtíochta sa Rialtas, "I dTreo Todhchaí don Ardoideachas 2012)*;
2. Tá Institiúidí Ardoideachais níos cuntasaí anois as a gcuid feidhmíochta ó cruthaíodh comhaontuithe seirbhíse leis an Údarás um Ard-Oideachas, faoi mar atá leagtha amach sna Comhshocruithe Feidhmíochta Misean-Bhunaithe, agus tá méid áirithe cistithe faoi réir éifeachtachta feidhmíochta anois. *(An Straitéis Náisiúnta Ard-Oideachais go dtí 2030, Clár Comhpháirtíochta sa Rialtas, An Creat Feidhmíochta sa Chóras Ardoideachais 2014–16, "Scanadh ar Thimpeallacht Ardoideachais 2016);*
3. Cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann le Foghlaim ar Feadh an tSaoil sgus soláthar oideachais solúbtha *(Straitéis Náisiúnta Scileanna go dtí 2025, An Díchuachadh Ardoideachais 2016, Tuairiscí ón bhFóram Náisiúnta um Leasú Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas);*
4. Nuair a bhíonn béim shoiléir ar rochtain agus rannpháirtíocht, is gá don IA (HEI) a bheith níos nuálaí agus inoiriúnaithí i ngníomhú agus i dtacú le grúpaí sonraithe, le foghlaimeoirí lánfhásta, grúpaí mionlaigh agus foghlaimeoirí atá faoi mhíchumas, mar shampla. *(An Plean Náisiúnta um Chothromas Teachta ar Ardoideachas 2015–2020, Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019, Clár Comhpháirtíochta sa Rialtas, "Tacú le hIdirthréimhse Shocair ón mBreisoideachas go dtí an Ardoideachas – Cur i gCrích, 2016);*
5. Béim mhéadaithe ar sholáthar ETIM | STEM. *(ÚAO | HEA: Athbhreithniú Airgeadais ar Institiúidí Teicneolaíochta, 2016);*






6 Tá de dhualgas ar an earnáil bheith níos freagrúla do riachtanais an fhostóra agus scileanna cuí oibre a thabhairt d'fhoghlaimeoirí. *(Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019, Athbhreithniú ar Oiliúint Phrintíseachta in Éirinn 2013);*

7 Na nithe a dhéanann IA (HEI) chun cur le baint amach spriocanna forbartha taighde, nuálaíochta agus fiontair trasdisciplíneacha. *(Border Regional Action Plan for Jobs, Enterprise 2025, Innovation 2020);*

8 Béim mhéadaithe ar chlár oibre idirnáisiúnaithe. *(An Straitéis Náisiúnta Ard-Oideachais go dtí 2030);*

9 Béim ar éagsúlacht agus ar chomhionannas le béim straitéiseach ar leith ar chomhionannas inscne in institiúidí ardoideachais. *(ÚAO | HEA Athbhreithniú Náisiúnta ar Chothromas Inscne in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann 2016).*

Leagadh an méid sin thuas amach le cúlra caidrimh tionsclaíoch síor-athraitheach san áireamh, *(Comhaontuithe Bhóthar Lansdún, Tuarascáil Cush)* maraon le timpeallacht chistithe atá fíor-dhúshlánach. *(Scanning the Higher Education Landscape, Expert Group on Future Funding for Higher Education" (Tuarascáil Cassells, 2016)).*

Cuireann seasaimh pholasaí dá leithéid, agus an-chuid acu bainteach le cistiú, dúshláin níos deacra fós ar chóras ardoideachais a bhí faoi bhrú ollmhór cheana féin. Is gá do lucht ardoideachais na hÉireann a bheith níos solúbtha agus níos freagrúla chun aghaidh a thabhairt ar thimpeallacht athraitheach agus shuaite náisiúnta agus domhanda, le Brexit san áireamh.

Is laistigh de na comhthéacsanna seo atá ITDD tar éis a misean agus a fís don chéad trí bliana eile a bhunú.



## 2.2 CÚLRA AGUS PRÓIFÍL REATHA

Tá ITDD suite go straitéiseach leath bealaigh idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste, ar an teorainn le Tuaisceart Éireann. Tá daonra measta de 3.29 milliún duine 90 nóiméad (ag tiomáint) ón gcampas agus b'ionann sin, sa bhliain 2011, agus thart ar 52% de dhaonra iomlán an oileáin ("*Tuarascáil IBTUÉ | AIRO: Próifíl socheacnamaíochta ar cheantar ITDD, 2012*"). Leagann seo dúshláin agus deiseanna uathúla ar an Institiúid ó thaobh airgeadais, sóisialta agus cultúrtha de.

Léiríonn próifíl déimeagrafach cheantar réigiúnach ITDD go bhfuil gnóthachtáil céime tríú leibhéal, i measc an daonra i roinnt de na contaetha sin, ag  leibhéil ísle i gcomparáid le meán an Stáit, atá ag 16.4% ("*Tuarascáil IBTUÉ | AIRO: Próifíl socheacnamaíochta ar cheantar ITDD, 2012*").  Cé go bhfuil dífhostaíocht sa réigiún tar éis laghdú, tá an leibhéal rannpháirtíochta sa lucht saothair i réigiún na Teorann ag an ráta is ísle in Éirinn, 56.5% (*Feasachán Réigiúnach Scileanna, 2016*). Léiríonn innéacsanna díothachta go bhfuil roinnt de na ceantair is mó faoi mhíbhuntáiste in Éirinn lonnaithe sa réigiún seo. Thairis sin, tá ceantair tuaithe agus uirbeacha cuimsithe sa réigiún seo.

Bunaíodh ITDD sa bhliain 1970 agus tagann 89% dá cuid foghlaimeoirí óna réigiún féin. Tá ITDD ar an institiúid ardoideachais ceannasach san Oirthuaisceart, agus cuireann sí go mór le forbairt oideachasúil, eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha an réigiúin. Is pobal bríomhar foghlama atá san Institiúid le thart ar 5,200 foghlaimeoir, 500 ball foirne agus campas 90 acra ar a bhfuil áiseanna úrscothacha spóirt a tógadh le déanaí. Trí barr feabhais a bhaint amach san fhoghlaim agus sa teagasc, sa taighde agus i ngníomhú, tá an Institiúid ina fórsa bunathraithe fós, is cinnte.

AN MHÍ 17.5%

AN CABHÁN 6.4%

AN LÚ 41.8%

MUINEACHÁN 12.7%

TUAISCEART BHAILE ÁTHA CLIATH 11.4%

## Foghlaimeoirí

Tagann an chuid is mó dfhoghlaimeoirí ITDD ó chontae Lú (41.8%), contae na Mí (17.5%), Muineachán (12.7%), an Cabhán (6.4%) agus Tuaisceart Bhaile Átha Cliath (11.4%). *("HEA SIDF MEND Cluster - Multi-component: Teaching & Learning, Access & Transition, Final Report 2015")*. Freastalaíonn ITDD, mar sin, ar cheantar geografach ar leith in earnáil na nInstitiúidí Teicnolaíochta (IoT) agus tá daonra iomlán foghlaimeoirí de 5,200 ann, ina bhfuil 98% ina bhfochéimithe agus 2% ina n-iarchéimithe. Tá 6% ina bhfoghlaimeoirí solúbtha agus tá 2% páirteach i gcláir ghníomhachtaithe don mhargadh fostaíochta. Tá 16% d'fhochéimithe lánaimseartha ina bhfoghlaimeoirí lánfhásta agus is as grúpaí sonraithe socheacnamaíochta iad 25% d'fhoghlaimeoirí. Tá an líon is mó d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta san earnáil IoT ag ITDD, 9% den líon foghlaimeoirí lánaimseartha. (Tuairisc CTML (SRS) Márta 2016).

36% Tacaíocht agus Riaracháin

Tá cáilíocht leibhéal 10 ag 33% den fhoireann acadúil

64% Acadúil



## Foireann

Fostaíonn ITDD thart ar 500 ball foirne ina bhfuil 64% acu san fhoireann acadúil agus 36% acu san fhoireann tacaíochta agus riaracháin. Tá 60% den Bhord Feidhmiúcháin agus 41% den Chomhlacht Rialaithe ina mná. Tá ITDD tiomanta go hiomlán d'Fhorbairt Ghairmiúil Leantach (FGL | CPD) na foirne, le tacaíocht ó obair an Lárionaid Sármhaitheasa san Fhoghlaim agus sa Teagasc (IBFFT | CELT).

Tá an Institiúid tar éis clú a bhaint amach mar Institiúid fiontraíochta óna dtagann céimithe ardchaighdeáin, atá ullamh don saol oibre. Tá sí tar éis barr feabhais a bhaint amach i raon eochair-réimsí sa bhfoghlaim agus sa teagasc, i dtaighde agus i ngníomhú, faoi mar atá sonraithe thíos:

## Braislí Réigiúnacha

- IA (HEI) as ceithre cinn í ITDD atá i mbun oibre go gníomhach sa Bhraisle OLT/BÁC (MEND) BÁC/Laighin 2, a bhfuil rath mór uirthi;
- Is comhpháirtíocht thábhachtach í an t-aontas straitéiseach atá againn le hOCBÁC (DCU). Is forbairt shuaitheanta í Scoil Chéimithe OCBÁC-ITDD. Cuireann ITDD agus OSCBÁC go mór le forbairt eacnamaíochta chonair eacnamaíoch Béal Feirste-Baile Átha Cliath.;
- Is comhpháirtíocht ríthábhachtach í an t-aontas atá againn le CBATT (NEFHEA) a bhfuil mar aidhm ann an idirlinn a leasú ó BO-AO (FE-HE).

## Foghlaim agus Teagasc

- Cuireann ITDD raon leathan clár ar fáil sa ghnó, sna daonnachtaí, in innealtóireacht, sa bhfaisnéisíocht, sna healaíona cruthaitheacha, sa leigheas agus san eolaíocht, le dámhachtainí ó Leibhéal 6 go Leibhéal 10 ar an gCNC (NFQ) á soláthar;
- Soláthraíonn an raon clár ag ITDD meascán disciplíní ar leith atá dírithe ar chéimithe cruthaitheacha fíor-oilte a chur isteach sa lucht saothair agus a chuirfeadh le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an réigiúin;
- Aithnítear gur institiúid fiontraíochta í ITDD, atá tar éis iarmhairtí foghlama fiontraíochta a shú isteach i ngach ceann dá cláir agus tá sí anois ina sampla dea-chleachtais i gcás-staidéar an ECFE (OECD) toisc go ndéantar fiontraíocht a chur chun cinn sa champas ar fad;
- Tá cuntas teiste láidir ag ITDD i gcás a tiomantais d'fhorbairt leantach ghairmiúil na foirne, go háirithe ó thaobh foghlama agus teagaisc de. Tá tionchar na forbartha teagaisc le feiceáil go soiléir in eispéiris na bhfoghlaimeoirí.



## Eispéireas an Fhoghlaimeora

- Tá ITDD tiomanta do sholáthar eispéiris ardchaighdeáin d'fhoghlaimeoirí laistigh de limistéar foghlama cuimsitheach agus trí raon seirbhísí tacaíochta foghlama a chuireann Seirbhísí na Mac Léinn, Ionad Foghlama agus Forbartha na Mac Léinn agus an Lárionad Sármhaitheasa san Fhoghlaim agus tá Teagasc (IBFFT | CELT) ar fáil;
- Tá an Institiúid dírithe ar fhoghlaimeoirí agus cuireann sí soláthar ilghnéitheach oideachais ar fáil, a fhreastalaíonn ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara

## Rochtain agus Rannpháirtíocht

- Tá cuntas teiste sean-bhunaithe ag ITDD maidir le rannpháirtíocht agus rochtain i measc na ngrúpaí socheacnamaíocha sonraithe;
- Is as scoileanna réigiún an Oirthuaiscirt do 89% d'iontrálaithe nua.

## Taighde agus Nuálaíocht

- Tá ITDD ar an IoT tosaigh ina réimsí taighde tosaíochta (ICT, Sláinte agus Aosú; Fuinneamh agus an Comhshaol agus na hEalaíona Cruthaitheacha) agus tá clú idirnáisiúnta ar an Institiúid as ucht an méid seo;
- Cuireann ITDD foghlaim agus teagasc ar fáil atá stiúrtha ag taighde;
- Tá ITDD ar cheann de na trí institiúidí is fearr ó thaobh ioncaim taighde i gcomparáid le líon na foirne acadúla, agus tá sí sa tríú háit san earnáil ó thaobh cistiú H2020 a fháil;
- Tá ITDD sa chúigiú háit san earnáil IoT ó thaobh ardlua a fháil agus sa cheathrú háit i gcás taighde foilsithe atá athbhreithnithe ag piaraí;
- Bhuaigh ITDD an Dámhachtain Taighde as Barr Feabhais AO | HR, a bhronnann an Coimisiún Eorpach (CE | EC).



## Gníomhú

- Tá cuntas teiste láidir ag ITDD i dteagmháil réigiúnach a dhéanamh le lucht tionscail tríd a cuid oibre san Ionad Forbartha Réigiúnach, a bunaíodh sa bhliain 1989 chun idirphlé a éascú idir an Institiúid agus an pobal gnó i gcoitinne. Ó shin i leith, tá sí tar éis tacaíocht a thabhairt d'os cionn 1,220 fiontraí, 170 gnólacht nuathionscanta agus tar éis 280 tionscadal taighde a chur i gcrích;
- Trí obair na seirbhísí gairme agus socrúchán, tá ITDD tar éis cuntas teiste a bhaint amach i dtacú le, agus teacht ar shocrúcháin oibre d'fhoghlaimeoirí. Tá socrúchán oibre mar chuid de bheagnach 50% de na cláir fochéime;
- Tá ról suntasach ag ITDD i saol sóisialta, cultúrtha agus pobail an réigiúin. Tá sí tar éis bheith ceannasach ó thaobh nuálaíochta sóisialta de, rud atá léirithe go han-mhaith ina cuid oibre sa réimse aosaithe.

## Idirnáisiúnú

- Táthar tar éis idirnáisiúnú a chur isteach i ngach clár san Institiúid ó rinneadh an Cúrsa Athbhreithnithe Cláir 2012-2013;
- Tá roinnt eochair-chomhpháirtíochtaí ag ITDD le institiúidí HE idirnáisiúnta;
- Tá ITDD ar cheann de na hInstitiúidí Teicneolaíochta is fearr san earnáil ó thaobh foghlaimeoirí idirnáisiúnta a mhealladh de

Le caitheamh na mblianta, tá ITDD tar éis soláthar oideachais, taighde, oiliúna agus fiontraíochta a mhéadú laistigh dá buiséad agus luach maith ar airgead a sholáthar chomh maith *("Socio-Economic Impact Study of Dundalk Institute of Technology, 2013", a léirigh gur ghnóthaigh ITDD €7.57 in iarmhairtí eacnamaíocha do gach €1 cistithe a fuarthas ón stát)*. Nuair a tharla an ghéarchéim eacnamaíochta in Éirinn sa bhliain 2007, áfach, cuireadh ciorruithe suntasacha i bhfeidhm ar ITDD (maraon le gach Institiúid Ardoideachais eile a bhí cistithe ag an Stát) agus is seo an chúis go bhfuil easnamh ann ón mbliain 2013 i leith. Chun aghaidh a thabhairt ar seo, aontaíodh ar phlean airgeadais don tréimhse Meán Fómhair 2015-2018 leis an ÚAO (HEA) i mí Eanáir 2015 a raibh mar aidhm aige ITDD a thabhairt ar ais go staid chóimheá airgid faoi theacht an 31 Lúnasa 2018. Tá an gealltanas seo sa Phlean Airgeadais 2015-2018 mar bhonn agus taca ag an bPlean Straitéiseach 2017-2019.



RANNÓG A TRÍ

# TREO SA TODHCHAÍ, MISEAN, FÍS AGUS LUACHANNA ITDD

## 3.1 TREO SA TODHCHAÍ

Is soláthraí ardoideachais ardchaighdeáin í ITDD a fhreastalaíonn ar riachtanais a páirtithe leasmhara réigiúnacha ar fad - foghlaimeoirí, an fhoireann, fostóirí agus an pobal - ó thaobh oideachais, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha de. Díríonn an Plean Straitéiseach ar láidreachtaí reatha na hInstitiúide a threisiú agus aghaidh a thabhairt ar aon dúshlán a bheadh mar chonstaic i mbealach na n-uaillmhianta atá leagtha amach sa Phlean.

Déanfaidh forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh nua seo a chinntiú go bhfanfaidh an Institiúid chun cinn san earnáil ar bhealach inbhuanaithe trí:

1. Í féin a lonnú go straitéiseach sa timpeallacht ardoideachais náisiúnta;
2. An foghlaimeoir a chur ag lár a straitéise le béim ar leith ar sholáthar foghlama solúbtha agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus leanúint leis an soláthar reatha i ngach aon disciplín;
3. Soláthar ETIM (STEM) a mhéadú;
4. An clár oibre réigiúnach a fheabhsú agus dul go barr an liosta d'fhostóirí agus don phobal, chun tacú le forbairt réigiúnach le FGL (CPD) agus oiliúint creidiúnaithe agus ardleibhéil;
5. Brandáil agus margaíocht a dhéanamh le cuma fuinniúil, nuálaíoch agus freagrúil mar Institiúid.

### Lonnú Straitéiseach

Tá mar aidhm ag ITDD fanacht mar cheannasaí bunathraithe i réigiún an Oirthuaiscirt agus réigiún na Teorann tríd a próifíl agus a suíomh sa bhfoghlaim agus teagasc, taighde, nuálaíocht, sa bhforbairt fiontraíochta agus san idirnáisiúnú a chothú agus a leasú. Tá sé ar intinn ag an Institiúid a suíomh san ardoideachas a fheabhsú trí obair a dhéanamh le comhpháirtithe agus trí ath-ainmniú a dhéanamh agus bheith mar Ollscoil Teicneolaíochta (OT | TU), más cuí, más cuí go dtarlódh sin.

## Foghlaim agus Teagasc

Lorgóidh an Institiúid údarás tarmligthe chun dámhachtainí a bhronnadh ag Leibhéil 9 agus 10 ina réimsí tosaíochta taighde. Lorgóidh sí méadú i soláthar foghlama solúbtha agus sa bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, chun riachtanais an ghrúpa ilghnéitheach foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara sa réigiún a chomhlíonadh. Cuirfidh sí lena mórghníomhartha agus cuirfidh sí deiseanna forbartha gairme ar fáil do lucht na foirne sa bhfoghlaim agus sa teagasc chun tacú le baint amach na gcuspóirí seo.

## Timpeallacht dírithe ar an bhFoghlaimeoir

Tá béim ar fhoghlaimeoirí ag croílár an Phlean Straitéisí. Leanfaidh ITDD uirthi in éascú eispéiris bhríocha agus leanfaidh sí uirthi ag obair le foghlaimeoirí ar bhonn comhpháirtíochta. Cuirfidh ITDD scileanna disciplín agus gnóthaithe poist ar fáil d'fhoghlaimeoirí a mbeidh gá acu leo sa saol oibre. Beidh fócas soiléir ag an Institiúid, ach go háirithe ar raon foghlaimeoirí níos ilghnéithí a mhealladh agus tacú leo. Chun seo a bhaint amach, beidh gá le nuálaíocht i bhforbairt, soláthar agus measúnú an churaclaim. Léireofar seo, mar shampla, i bhforbairt chlár bunúsacha chun tacaíocht a sholáthar don idirthréimhse idir BO (FE) agus AO (HE). Beidh gá le cur chuige iomlánaíoch agus comhtháite sa bhfoghlaim, teagasc agus sa ghníomhú, dá bharr, laistigh de struchtúr eagraíochta atá solúbtha, oiriúnaitheach agus freagrúil.

## Gnóthú Poist

Cuirfidh ITDD béim láidir ar riachtanais na bhfostóirí agus an phobail sa réigiún a chomhlíonadh. Déanfaidh an Oifig Gairmeacha agus Oifig Socrúcháin obair i ndlúthchomhar le Scoileanna, leis an Ionad Forbartha Réigiúanch agus le Fóram Scileanna Réigiúnach an Oirthuaiscirt chun freastal ar riachtanais na bhfostóirí réigiúnacha agus an phobail i gcoitinne.

## Gníomhú

Beidh ról suntasach fós ag ITDD i saol eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus pobail réigiún an Oirthuaiscirt. Leanfaidh an Institiúid uirthi ina cuid oibre le comhpháirtithe tras-teorann, go háirithe i ndiaidh Brexit.

## Féiniúlacht Bhranda a Thógáil

Forbróidh an Institiúid plean margaíochta agus cumarsáide atá dírithe ar phróifíl agus féiniúlacht bhranda na hInstitiúde a mhéadú, agus an plean céanna a chur i bhfeidhm.

## Clár Oibre Comhionannais

Tá ITDD tiomanta do chur chun cinn na hilghnéitheachta agus an chomhionannais agus cuirfidh sí roimpi Creidiúnú Athena Swan a bhaint amach.



# MISEAN

Cuireann ITDD ardoideachas ar fáil atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí a chomhlíonadh agus cuireann sí ar chumas na foirne barr feabhais a bhaint amach i soláthar foghlama agus teagaisc, taighde agus gníomhaithe chun tacú le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an réigiúin agus lastall.



# FÍS

Go mbeadh ITDD mar thogha na nInstitiúidí Ardoideachais d'fhoghlaimeoirí, d'fhostóirí agus don phobal i réigiún an Oirthuaiscirt.

# LUACHANNA

1

## CUNTASACHT

Tá an Institiúid tiomanta do bhainistiú éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní daonna agus airgeadais le muinín an phobail a chothú agus le todhchaí airgeadais freagrach agus inbhuanaithe a éascú.

2

## TIOMANTAS DON TODHCHAÍ

Cinntítear measúnú leantach ar spriocanna agus cuspóirí chun freastal ar riachtanais na haimsire láithrí agus le bheith ullamh do dhúshláin atá amach romhainn.

3

## FOGHLAIM AGUS GNÓTHACHTÁIL DÍRITHE AR AN BHFOGHLAIMEOIR

Tá rath acadúil agus pearsanta na bhfoghlaimeoirí ag croílár gach gníomh a dhéanann an Institiúid. Creideann ITDD go láidir i gcumasú an fhoghlaimeora aonair agus i ndeiseanna a sholáthar do gach foghlaimeoir le go mbeadh siad in ann foghlaim, go mbeadh rath orthu agus le go mbainfidh siad barr a gcumais amach go hacadúil, sa láthair oibre agus sa phobal.

4

## BARR FEABHAIS SA BHFOGHLAIM, TEAGASC AGUS TAIGHDE

Tá ITDD tiomanta do bharr feabhais a bhaint amach sa bhfoghlaim, teagasc agus taighde agus tacóidh siad go gníomhach leis an bhfoireann cur lena gcuid scileanna, spriocanna pearsanta a bhaint amach agus leanúint de bheith ag obair ag leibhéal gairmiúlachta ardchaighdeáin.

5

## CUR LE FORBAIRT PHOBAIL AGUS EACNAMAÍOCHTA

Tá an Institiúid ag freastal ar riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus chultúrtha an phobail agus an réigiúin agus tá tacaíocht á fháil aici chun seo a bhaint amach trína comhpháirtíochtaí agus comhaontais straitéiseacha ag an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

6

## CÁILÍOCHT NA TIMPEALLACHTA OIBRE

Tuigimid go bhfuil gach ball i bpobal na Institiúide luachmhar. Spreagann an Institiúid meas, muinín, iontaoibh agus tacaíocht i measc na foirne agus na bhfoghlaimeoirí trí chomh-rialachas agus laistigh de timpeallacht ilghnéitheach foghlama.

7

## CUIMSITHEACHT AGUS ROCHTAIN

Tá ITDD tiomanta don ardoideachas inrochtana a chur ar fáil do gach foghlaimeoir agus do sheirbhísí oideachais agus tacaíochta a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas fhoghlaimeoirí a spriocanna oideachais aonair a bhaint amach. Cuirfear tacaíocht ar fáil do líonra ilghnéitheach foghlaimeoirí trí chomhionannas deiseanna a sholáthar agus trí sheirbhísí oideachais agus tacaíochta a sholáthar a bheidh dírithe ar fhorbairt foghlama agus phearsanta a leasú.

RANNÓG A CEATHAIR

# CUSPÓIRÍ AGUS AIDHMEANNA ITDD LE LINN 2017-2019

Leagann misean, fís, luachanna agus cuspóirí straitéiseacha Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan a huaillmhianta amach don tréimhse 2017-2019. Tá cuspóirí agus aidhmeanna straitéiseacha na hInstitiúide ar aon dul leis an gclár oibre ardoideachais náisiúnta atá foilsithe i raon doiciméad polasaí lena n-áirítear: An Straitéis Náisiúnta Ard-Oideachais go dtí 2030, An Straitéis Náisiúnta Scileanna go dtí 2025 agus An Plean Náisiúnta um Chothromas Teachta ar Ardoideachas 2015-2019 agus i bpáipéir foilsithe ag an Údarás um Ardoideachas maidir le timpeallacht an ardoideachais in Éirinn amach anseo. (Féach Aguisín 1).

Tá na cuspóirí straitéiseacha ar aon dul leis na réimsí straitéiseacha a aithníodh i gComhshocruithe Feidhmíochta Misean-Bhunaithe an ÚAO (HEA) agus léiríonn siad uaillmhianta na hInstitiúide thar ocht gcinn de phríomh-réimsí faoi réir riachtanas na bhfoghlaimeoirí, na foirne agus an réigiúin. Tá sé i gceist ag ITDD cuspóirí suntasacha a bhaint amach sna réimsí seo a leanas:

**CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1:** Braislí Réigiúnacha

**CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2:** Rannpháirtíocht, Cothromas Rochtana agus Foghlaim ar feadh an tSaoil

**CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3:** Barr Feabhais sa bhFoghlaim agus Teagasc agus Eispéireas Fiúntach don Fhoghlaimeoir

**CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4:** Taighde agus Nuálaíocht Ardchaighdeáin, atá Iomaíoch go hIdirnáisiúnta

**CUSPÓIR STRAITÉISEACH 5:** Teagmháil Fheabhsaithe le lucht Fiontraíochta agus leis an bPobal agus Malartú Leabaithe Eolais

**CUSPÓIR STRAITÉISEACH 6:** Idirnáisiúnú a Fheabhsú

**CUSPÓIR STRAITÉISEACH 7:** Comhdhlúthú Eagraíochta

**CUSPÓIR STRAITÉISEACH 8:** Athruithe a chur i bhFeidhm.


## 4.1 CUSPÓIRÍ, AIDHMEANNA, ETF (KPI) AGUS SPRIOCANNA

# CUSPÓIRÍ AGUS AIDHMEANNA

Tá na cuspóirí straitéiseacha ar aon dul leis na réimsí straitéiseacha a aithníodh i gComhshocruithe Feidhmíochta Misean-Bhunaithe an ÚAO (HEA) agus léiríonn siad uaillmhianta na hInstitiúide thar ocht gcinn de phríomh-réimsí faoi réir riachtanas na bhfoghlaimeoirí, na foirne agus an réigiúin. Tá sraith de chuspóirí gaolmhara ag gach aidhm a chumasóidh tomhas de dhul chun cinn na hInstitiúide maidir lena misean.

# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1

## Braislí Réigiúnacha



# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1 | BRAISLÍ RÉIGIÚNACHA

Tá ITDD tiomanta go hiomlán dá comhaontais straitéiseacha leantacha.

Tá naisc láidre ann idir Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá an dá eagraíocht suite in, agus dírithe ar Chonair Oirthear na hÉireann. Cuireann an dá eagraíocht le forbairt eacnamaíoch an réigiúin ina bhfuil siad agus tá an dearcadh céanna acu maidir leis an tábhacht a bhaineann le comhoibriú trasteorann. Tá an dá eagraíocht ina mbaill ghníomhacha agus thacúla den Bhraisle OLT/BÁCT (MEND Cluster). Dearbhaíonn Institiúid Teicneolaíocta Dhún Dealgan agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a dtiomantas leantach don Chomhaontas Straitéiseach a bunaíodh sa bhliain 2012 agus cuireann siad rompu leanúint le gníomhartha oibre, lena n-áirítear Scoil Chéimithe OCBÁC-ITDD (DCU-DkIT).

Seo a leanas roinnt deiseanna comhoibrithe breise:

- Cláir mhúinte iarchéime;
- Socruithe comparáide ar chúrsaí;
- Taighde agus nuálaíocht;
- Tionscnaimh forbartha réigiúnacha.

Leanfaidh Braisle BÁC/Laighin 2 (Lár Tíre, Oirthear agus Tuaisceart Bhaile Átha Cliath - Braisle OLT/BÁCT | MEND) ina bhfuil ITDD, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Mhaigh Nuad, le cur chun cinn na n-aidhmeanna agus na gcuspóirí sa Bhraisle ó thaobh phleanáil agus fhorbairt acadúil agus teagmháil le fiontair de.

Tá tábhacht straitéiseach ag baint fós leis an bhforbairt agus leis an leasú breise atá ar siúl ag An gComhaontas Breisoideachais agus Ardoideachais Thoir Thuaidh (CBATT | NEFHEA). Ní hamháin go bhfeabhsaíonn seo rátaí rannpháirtíochta agus rochtana ach, níos tábhachtaí fós, cuireann sé deiseanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí teacht ar roghanna ardoideachais go réigiúnach agus iad san idirthréimhse idir Breisoideachas (BO | FE) agus Ardoideachas (AO | HE).

| **Aidhm Straitéiseach 1** | **Tiomantas leantach do chomhaontais straitéiseacha le hOCBÁC (DCU), leis an mBraisle OLT/BÁCT (MEND) agus le CBATT (NEFHEA).** |
|---|---|
| **ETF** | i. Rochtain, aistriú agus dul chun cinn ó BO (FE) go AO (HE) a aithint go bliantúil;<br>ii. Tacú le gnóthachtáil ardchaighdeáin i Scoil Chéimithe OCBÁC-ITDD (DCU-DkIT);<br>iii. Bheith páirteach go gníomhach i mBraisle BÁC/Laighin 2 (OLT/BÁCT \| MEND) |
| **Sprioc** | **Faoin mbliain 2019, déanfaidh ITDD:**<br>i. Líon na bhfoghlaimeoirí cláraithe ó BO (FE) a mhéadú 5% sna cláir ar fad;<br>ii. Leibhéil chláraithe i Scoil Chéimithe OCBÁC-ITDD (DCU-DkIT) a mhéadú. |

# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2

## Rannpháirtíocht, Cothromas Rochtana agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Tabharfaidh ITDD tús áite don bhéim straitéiseach ar rátaí rannpháirtíochta agus rochtana a mhéadú. Chun seo a bhaint amach, ní mór soláthar foghlama solúbtha agus foghlama ar feadh an tsaoil a mhéadú. Léiríonn seo dearcadh straitéiseach na hInstitiúide i gcás clár a sholáthar atá ábhartha do riachtanais agus d'acmhainneacht na bhfoghlaimeoirí agus a fhreastalóidh ar riachtanais fhostóirí sa réigiún. Chun tacú leis an aidhm straitéiseach seo, forbróidh an Institiúid bealaí rochtana agus dul chun cinn do ghrúpaí ilchineálacha foghlaimeoirí. Cuimsithe anseo beidh rogha clár ábhartha leathan le béim athnuaite ar sholáthar ETIM (STEM) agus ar roghanna solúbtha soláthair.

Mar a pléadh thuas, beidh ITDD ag obair i ndlúthchomhar le comhpháirtithe CBATT (NEFHEA) chun a chinntiú go mbeidh méadú rochtana ann ó ghrúpaí sonraithe faoi ghannionadaíocht (mar a pléadh i gCuspóirí Straitéiseacha 1 agus 2). Thairis sin, déanfaidh ITDD iniúchadh ar roghanna áirithe do chláir bhunúsacha chun roghanna a leathnú d'fhoghlaimeoirí, d'fhonn rátaí neamh-chríochnaithe i ngach clár a laghdú.




# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2 |

## RANNPHÁIRTÍOCHT, COTHROMAS ROCHTANA AGUS FOGHLAIM AR FEADH AN TSAOIL

Leanfaidh an Institiúid de bheith ag tabhairt tacaíochta do phrintíseachtaí. Cuireann an tsamhail phrintíseachta nua deiseanna breise ar fáil i dtionscadail chomhoibrithe san oideachas fiontraíochta agus cuireann sé bealach oideachais eile ar fáil d'fhoghlaimeoirí sa réigiún chomh maith. Anuas ar sin, d'fhéadfadh sé cur le féiniúlacht na hInstitiúide laistigh d'earnáil an ardoideachais i dtéarmaí a soláthar foghlama agus teagaisc.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag Brexit ar shoghluaisteacht agus earcaíocht tras-teorann. Tá an Institiúid tiomanta, mar cheann de thrí institiúidí ardoideachais atá suite ar an teorainn le Tuaisceart Éireann, dá ról in oideachas agus forbairt eacnamaíoch tras-teorann agus leanfaidh sí á cur féin chun cinn i measc fhoghlaimeoirí féideartha tras-teorann.

| **Aidhm Straitéiseach 1** Leibhéal agus raon an tsoláthair fhoghlama sholúbtha agus fhoghlama ar feadh an tsaoil a mhéadú. | |
|---|---|
| **ETF (KPI)** | **i. Méadú i**<br>• Líon foriomlán Foghlaimeoirí (FCL \| WTE);<br>• Líon na bhfoghlaimeoirí solúbtha (FCL \| WTE);<br>• Líon na mbloc printíseachta;<br>• Líon na gclár printíseachta nua;<br>• Líon na roghanna FGL (CPD) creidiúnaithe agus ardleibhéil d'fhostóirí. |
| **Aidhm Straitéiseach 2** Rannpháirtíocht ó ghrúpaí sonraithe faoi ghannionadaíocht a leathnú: | |
| **ETF (KPI)** | i. % rannpháirtíochta ó ghrúpaí sonraithe faoi ghannionadaíocht. |
| **SPRIOC** | **Faoin mbliain 2019, déanfaidh ITDD:**<br>i. Líon foriomlán na bhfoghlaimeoirí (FCL \| WTE) a mhéadú 3% trí mhic léinn a choinneáil agus trí earcaíocht;<br>ii. % na bhfoghlaimeoirí solúbtha (FCL \| WTE) a mhéadú 3%;<br>iii. Líon na bprintíseachtaí céim 4/6 a mhéadú 20%;<br>iv. Dhá chlár printíseachta nua a fhorbairt;<br>v. Líon na gclár FGL (CPD) creidiúnaithe agus ardleibhéil a mhéadú faoi dhó;<br>vi. Teacht go % an "norm" náisiúnta maidir le grúpaí sonraithe faoi ghannionadaíocht. |



# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3

## Barr Feabhais sa bhFoghlaim agus Teagasc agus Eispéireas Fiúntach don Fhoghlaimeoir

Leanfaidh ITDD uirthi ag soláthar clár ardoideachais ó Leibhéal 6 - Leibhéal 10 sna disciplíní gnó, daonnachtaí, ealaíona cruthaitheacha, leigheas, eolaíocht agus innealtóireacht. Le próifíl déimeagrafach an réigiúin curtha san áireamh, cuirfidh ITDD béim ar leith ar na heochair-réimsí seo a leanas:

1. Scileanna Gnóthaithe Poist: Tá an Institiúid tiomanta do scileanna gnóthaithe poist a leabú sa churaclam uile, scileanna lena n-áirítear scileanna labhartha agus scríofa, cumarsáide, oibre buíne, fadhbréitigh, gairmiúlachta agus forbartha gairme;

2. Modhanna soláthair nua: Freastalóidh ITDD ar riachtanais fhostóirí agus tionscail trí chláir oiliúna creidiúnaithe a chur ar fáil sa bhfoghlaim solúbtha agus sa bhfoghlaim feadh an tsaoil. Cuirfidh an Institiúid FGL (CPD) ar fáil don fhoireann nuair is cuí chun forbairt agus cur i bhfeidhm sholáthar na modhanna seo a éascú;

3. Trí Athbhreithniú Cláir agus Institiúide, tabharfaidh ITDD aghaidh ar riachtanais oideachais na bhfoghlaimeoirí lánaimseartha agus solúbtha le rogha clár ó Leibhéal 6-10;

4. A príomh-chláir a sholáthar i ngach disciplín, ag lorg deiseanna forbartha agus soláthair do chláir idir-dhisciplíneacha ETIEM (STEAM);

5. Soláthar ETIM (STEM) a mhéadú;

6. Oideachas Céimithe: Déanfaidh ITDD forbairt bhreise ar an raon clár a chuireann siad ar fáil ag Leibhéal 9 agus 10 chun (a) freastal ar riachtanais oideachais na gcuideachtaí ardteicneolaíochta sa réigiún sna hearnálacha cógasaíochta, ICT, innealtóireachta, teicneolaíochta airgeadais agus bia agus chun (b) bogadh i dtreo méadracht OT (TU) a bhaint amach chun suíomh ITDD a choimeád daingean i dtimpeallacht an ardoideachais (faoi mar a pléadh sna Cuspóirí Straitéiseacha 1 agus 7).



# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3 |
## BARR FEABHAIS SA BHFOGHLAIM AGUS TEAGASC AGUS EISPÉIREAS FIÚNTACH DON FHOGHLAIMEOIR

Tá an Institiúid tiomanta do chinntiú go mbíonn gach foghlaimeoir ullamh le haghaidh oibre agus go mbíonn na scileanna gnóthaithe poist agus na scileanna sain-disciplíneacha cuí acu chun riachtanais fhostóirí agus tionscail a chomhlíonadh. Tabharfar aghaidh ar seo trí iarmhairtí fiontraíochta, tionscadail foghlaimeora, intéirneachtaí foghlaimeora agus socrúcháin oibre a leabú sna cláir. Beidh forbairt chlár idir-dhisciplíneach mar thosaíocht straitéiseach i soláthar (1) clár solúbtha stiúrtha agus faoi cheannas ag fostóirí agus (2) i gcinntiú go bhfuil na scileanna sain-disciplíneacha agus gnóthaithe poist cuí ag foghlaimeoirí. Bainfear seo amach trí na gníomhaíochtaí a chomhtháthú ag leibhéal níos fearr san oifig gairmeacha agus socrúcháin, ag obair i ndlúthchomhar leis an Ionad Forbartha Réigiúnach (ionad goir, fiontraíochta agus malartaithe teicneolaíochta) agus i gcomhar leis an bhFóram Scileanna Réigiúnach Thoir Thuaidh.

Leanfaidh an Institiúid ag cur foghlaimeoirí ag croílár a straitéise i dtéarmaí soláthar tacaíochta acadúil agus mac léinn, chun eispéireas foghlama fiúntach a chinntiú.

| | |
|---|---|
| **Aidhm Straitéiseach 1** | **Tacaíochtaí éifeachtacha atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir a chur ar fáil.** |
| **ETF (KPI)** | **i.** Bheith páirteach sa Suirbhé SÉRML (ISSE) agus freagra a chur ar aiseolas. |
| **Aidhm Straitéiseach 2** | **Rátaí coinneála agus críochnaithe a mhéadú i measc foghlaimeoirí.** |
| **ETF (KPI)** | **i.** Líon na roghanna do chúrsaí bunúsacha a mhéadú;<br>**ii.** Rátaí coinneála agus críochnaithe i measc foghlaimeoirí. |
| **Aidhm Straitéiseach 3** | **Freagair do riachtanais pháirtithe leasmhara trí chláir ábhartha d'fhostóirí a fhorbairt agus a sholáthar, ina mbeidh scileanna gnóthaithe poist san áireamh.** |
| **ETF (KPI)** | **i.** Líon na bhfoghlaimeoirí ETIM (STEM) (FCL \| WTE);<br>**ii.** Líon na gclár idir-dhisciplíneacha. |
| **Sprioc** | **Faoin mbliain 2019, déanfaidh ITDD:**<br>**i.** Rannpháirtíocht sa Suirbhé SÉRML (ISSE) a mhéadú agus na gníomhartha a déantar a léiriú mar fhreagra ar aiseolas;<br>**ii.** Dhá bhun-chlár breise a chur ar fáil;<br>**iii.** Tacaíocht réamhghníomhach a thabhairt chun coinneáil agus críochnú i measc foghlaimeoirí a mhéadú trí pholasaí éifeachtach a chur i bhfeidhm;<br>**iv.** Líon na bhfoghlaimeoirí ETIM (STEM) (FCL \| WTE) a mhéadú 5%;<br>**v.** Dhá chlár idir-dhisciplíneacha breise a chur ar fáil. |

# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4

## Taighde agus Nuálaíocht Ardchaighdeáin, atá Iomaíoch go hIdirnáisiúnta

Déanfaidh ITDD a dícheall chun a suíomh feidhmíochta a choimeád i measc na dtrí IoT is fearr san earnáil ó thaobh cistithe taighde de. Is de thoradh an chistithe seo gur féidir leis an Institiúid a cuspóirí straitéiseacha taighde a bhaint amach, dírithe ar a fís trí bliana. Tá nasc taighde láidir ag an Institiúid anois lena comhghleacaithe i dTuaisceart Éireann agus in Albain trí bheith páirteach sna Cláir AE INTERREG.


Tá seans ann go mbeidh tionchar ag Brexit ar dheiseanna taighde agus comhoibrithe le páirtithe sa Ríocht Aontaithe.



# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4 |
## TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT ARDCHAIGHDEÁIN, ATÁ IOMAÍOCH GO HDIRNÁISIÚNTA

Tá ITDD tiomanta do bheith ceannasach i bhfeabhas taighde i réimsí tosaíochta lena n-áirítear leigheas, aosú agus ICT, fuinneamh agus an comhshaol agus na healaíona cruthaitheacha. Is cuspóir straitéiseach ríthábhachtach é a chinntiú go bhfanann foghlaim agus teagasc faoi stiúir taighde. Tá sé seo ar aon dul leis an bhfís againn foghlaimeoirí a dhéanamh ullamh do thimpeallacht oibre trí eolas agus nuálaíochtaí reatha a sholáthar dóibh i sain-réimsí a ndisciplíní féin agus an tslí go gcuirtear i bhfeidhm iad sa saol dáiríre a mhíniú dóibh. Chun seo a bhaint amach, ní mór do ITDD lucht na foirne a spreagadh agus a chumasú le go mbeidh siad ag an leibhéal is airde ina ndisciplíní féin trí bheith páirteach i ngach cineál taighde bunúsach agus feidhmeach. Sa tslí seo, ní hamháin go mbíonn an fhoireann páirteach i bhfionnachtain nua ach bíonn siad ag obair go díreach le lucht an tionscail agus iad ag cur teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí, a mbeidh tionchar acu ar an domhan, i bhfeidhm. Thairis sin, tá sé i gceist ag an Institiúid an líon foirne le PhD a mhéadú trína tacaíochtaí foghlama agus teagaisc agus trína straitéis earcaíochta.

| | |
|---|---|
| **Aidhm Straitéiseach 1** Leanúint le bheith ag díriú agus ag stiúradh feabhais taighde i réimsí tosaíochta taighde, atá iomaíoch go hidirnáisiúnta, agus a mbeadh tionchar acu ar an tsochaí nó an geilleagar. | |
| **ETF (KPI)** | **i.** Leibhéal ioncaim taighde ón státchiste agus ó fhoinsí eile giaráilte ag taighdeoirí, le cistiú tras-teorann san áireamh;<br>**ii.** Líon na dtaighdeoirí Leibhéal 9 agus 10. |
| **Aidhm Straitéiseach 2** Teagmháil a dhéanamh le agus tacaíocht a thabhairt do gach taighdeoir i dtimpeallacht chumasaithe. | |
| **ETF (KPI)** | **i.** Líon na maoirseoirí taighde iarchéime. |
| **Aidhm Straitéiseach 3** A chinntiú go bhfanann foghlaim agus teagasc faoi stiúir taighde. | |
| **ETF (KPI)** | **i.** Líon na n-alt taighde athbhreithnithe ag piaraí agus aon ardlua a déantar;<br>**ii.** Líon na gclár taighde samhraidh fochéime. |
| **Sprioc** | **Faoin mbliain 2019, déanfaidh ITDD:**<br>**i.** An leibhéal ioncaim taighde státchiste agus neamh-státchiste giaráilte ag taighdeoirí a choimeád ag €4m in aghaidh na bliana<br>**ii.** 60 iarchéimí a chlárú (Leibhéal 9 agus 10);<br>**iii.** A chinntiú go mbíonn líon na maoirseoirí taighde > 50<br>**iv.** >110 alt taighde a fhoilsiú agus >1,600 ardlua a fháil;<br>**v.** Trí scoil Samhraidh Taighde a óstáil le 30 foghlaimeoirí iontu. |



# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 5

## Teagmháil Fheabhsaithe le lucht Fiontraíochta agus leis an bPobal agus Malartú Leabaithe Eolais

# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 5 |

## TEAGMHÁIL FHEABHSAITHE LE LUCHT FIONTRAÍOCHTA AGUS LEIS AN BPOBAL AGUS MALARTÚ LEABAITHE EOLAIS

Tá ról ITDD i bhforbairt agus leasú shaol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha an réigiúin ag lár Straitéis ITDD. Tá an Institiúid tiomanta don teagmháil a dhéanann sí le lucht fiontair réigiúnaí, le pobail, le comhlachtaí stáit agus leathstáit, le soláthraithe oideachais agus le páirtithe leasmhara, ar mhaithe leis an réigiún. Déanfaidh an Institiúid leibhéal níos airde comhtháthaithe a chinntiú chun an clár oibre seo a spreagadh agus a sholáthar. Beidh gá le tuilleadh comhoibrithe chun seo a bhaint amach idir aonaid feidhme san Institiúid féin, rud a thabharfaidh le chéile na hOifigí Gairmeacha agus Socrucháin in Ionad Gnóthaithe Poist uileghabhálach amháin a bheidh ag obair i ndlúthchomhar leis an Ionad Forbartha Réigiúnach agus leis an bhFóram Réigiúnach Scileanna Thoir Thuaidh.

| | |
|---|---|
| **Aidhm Straitéiseach 1** A chinntiú go mbíonn foghlaimeoirí ullamh don láthair oibre trí theagmháil le fostóirí a éascú. | |
| **ETF (KPI)** | i. Líon na socrúchán oibre faighte d'fhoghlaimeoirí;<br>ii. Líon na dtionscadal foghlama le heagraíochtaí tionscail/pobail/cultúrtha. |
| **Aidhm Straitéiseach 2** Tacú le forbairt eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha agus phobail sa réigiún agus ar bhonn tras-teorann. | |
| **ETF (KPI)** | i. Líon na bhfiontraithe/ngnólachtaí nuathionscanta ar tugadh tacaíocht dóibh;<br>ii. Rátaí freastail in áiseanna goir;<br>iii. Líon na dtionscadal taighde/nuálaíochta le heagraíochtaí tionscail/pobail agus cultúrtha;<br>iv. Líon agus fairsinge iarmhairtí maoine intleachtúla. |
| **Sprioc** | **Faoin mbliain 2019, déanfaidh ITDD:**<br>i. Líon na socrúchán oibre d'fhoghlaimeoirí a mhéadú 3% gach bliain;<br>ii. Rátaí áitíochta ag an IFR (RDC) a choimeád ag 85% nó níos airde;<br>iii. Líon na dtionscadal d'fhoghlaimeoirí le heagraíochtaí tionscail/pobail/cultúrtha a mhéadú 10% in aghaidh na bliana;<br>iv. Líon na bhfiontraithe/ngnólachtaí nuathionscanta ar tugadh tacaíocht dóibh a mhéadú 5% in aghaidh na bliana<br>v. Líon na dtionscadal taighde/nuálaíochta le heagraíochtaí tionscail/pobail/cultúrtha a mhéadú 10% in aghaidh na bliana;<br>vi. Na spriocanna tráchtálaithe ar mhaoin intleachtúil a shonraítear i TTSI3 a bhaint amach. |



# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 6

## Idirnáisiúnú a Fheabhsú

Tá idirnáisiúnú ina thosaíocht don Insitiúid, a bhfuil mar aidhm aici fanacht ag barr liosta na nInstitiúidí Teicneolaíochta ó thaobh foghlaimeoirí ó thíortha eile a mhealladh. I ndiaidh Brexit, beidh Éire ar an tír is mó san Eoraip go labhraítear Béarla ann. Seans go gcuirfidh seo deiseanna ar fáil d'Éirinn agus don Institiúid foghlaimeoirí idirnáisiúnta breise a mhealladh.

Chun céimithe a mhúnlú atá ullamh don obair, gníomhach go hidirnáisiúnta agus eolach ar chultúir eile, tá idirnáisiúnú leabaithe cheana féin sa churaclam. Úsáidtear straitéisí foghlama agus teagaisc sa seomra ranga le cinntiú go ndéanann foghlaimeoirí Éireannacha agus idirnáisiúnta comhoibriú, rud a fheabhsóidh a gcuid acmhainneachta idir-chultúrtha. Tá an Institiúid tiomanta do chothú agus do chur chun cinn gníomhaíochtaí malartaithe idirnáisiúnta agus leanfaidh sí ar aghaidh ag méadú feasachta i measc na foirne agus na bhfoghlaimeoirí maidir leis an tábhacht a bhaineann le malartuithe thar sáile.

**Aidhm Straitéiseach 1** Taithí agus feasacht ar an domhan a leathnú i measc na bhfoghlaimeoirí trí iarrachtaí leantacha a dhéanamh i margaí idirnáisiúnta.

| | |
|---|---|
| **ETF (KPI)** | i. Líon na bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta atá ag teacht isteach;<br>ii. Líon na bhfoghlaimeoirí, na foirne, agus na gclár comhoibrithe taighde le coláistí comhpháirtíochta. |
| **Sprioc** | **Faoin mbliain 2019, déanfaidh ITDD:**<br>i. Fanacht ag barr an liosta IoT ó thaobh fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta de;<br>ii. Líon na bhfoghlaimeoirí, na foirne agus na gclár comhoibrithe le coláistí comhpháirtíochta a mhéadú 3%. |



# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 7

## Comhdhlúthú Eagraíochta

Agus machnamh á dhéanamh aici ar a todhchaí fadtéarmach, déanfaidh ITDD measúnú ar a suíomh laistigh de Thimpeallacht an Ardoideachais, ar a suíomh straitéiseach agus ar a gcomhaontais straitéiseacha. Trí seo a dhéanamh, déanfar machnamh ar an stádas féideartha bheith mar Ollscoil Teicneolaíochta. Déanfar na roghanna atá ar fáil don Instítiúid sa chás sin a mheas go criticiúil chun an teideal is fearr a chinntiú don Instítiúid don todhchaí.

| **Aidhm Straitéiseach 1** Suíomh réigiúnach, tras-teorann, náisiúnta agus idirnáisiúnta na hInstitiúide a leasú le hainmniú agus le cláir chomhoibrithe chuí. | |
|---|---|
| **ETF (KPI)** | i. Cláir chomhoibrithe le páirtithe agus ath-ainmniú féideartha mar Ollscoil Teicneolaíochta, má tharlaíonn go bhfuil sin oiriúnach. |

| **Aidhm Straitéiseach 2** Údarás tarmligthe a lorg ag Leibhéal 9 agus 10 i réimsí láidre taighde. | |
|---|---|
| **ETF (KPI)** | i. Aighneacht a chur faoi bhráid DCCÉ \| QQI chun údarás a fháil tarmligthe chun dámhachtainí taighde a dhéanamh ag leibhéil 9 agus 10. |
| **Sprioc** | **Faoin mbliain 2019, déanfaidh ITDD:**<br>i. Comhaontais straitéise agus samhail chomhpháirtíochta don todhchaí a aithint;<br>ii. Údarás tarmligthe faighte ag leibhéil 9 & 10. |

# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 8

## Athruithe a Chur i bhFeidhm

Tá ITDD dírithe ar a gealltanas d'fhoghlaimeoirí, don phobal agus don réigiún a chomhlíonadh. Déanfar lucht na foirne a chumasú trí chumarsáid éifeachtach agus trí oiliúint agus forbairt foirne.

Timpeallacht Fhisiciúil agus Infreastruchtúr IT: Leagann Plean Forbartha Champas na hInstitiúide 2011-2021 amach tosaíochtaí forbartha caipitil na hInstitiúide. Cé go luann an Plean Forbartha Campais beartú tosaíochta agus cur chuige céimnithe, tá an t-easpa infheistíochta caipitil san ardoideachas ón gcúlú eacnamaíochta i leith tar éis brú a chur orainn ath-bheartú tosaíochta a dhéanamh ar fhorbairtí caipitil bunaithe ar (1) áiseanna atá ag meath agus ar (2) riachtanais fhoghlaimeoirí. Déanfar an Plean Forbartha Campais a uasdátú chun na riachtanais chaipitil reatha a léiriú. I measc na riachtanas sin tá (1) nua-aoisiú agus uasghrádú le déanamh ar an bhfoirgneamh bunaidh atá ann ó na 1970óidí agus (2) is gá saotharlanna agus trealamh úrscothacha a sholáthar nuair a thagann cistiú isteach. Déanfaidh an Institiúid uasdátú ar a Plean IT reatha chun a chinntiú go bhfuil an Institiúid sa staid is fearr lena riachtanais sa straitéis seo a chomhlíonadh.

Inbhuanaitheacht Airgeadais: Bun-phrionsabal sa straitéis seo ná inbhuanaitheacht airgeadais fadtéarmach na hInstitiúide a chinntiú. Léirítear an aidhm straitéiseach foriomlán seo sna cuspóirí straitéiseacha sna hocht réimse aitheanta. Cuirfear pleanáil acmhainne todhchaí in oiriúint do mhisean, fís agus d'aidhmeanna straitéiseacha na hInstitiúde ag braith ar dhálaí airgeadais an ama.



# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 8 |
## ATHRUITHE A CHUR I BHFEIDHM

Tá roinnt aidhmeanna eagraíochtúla eile a chinnteoidh forbairt na hInstitiúide amach anseo, faoi mar atá leagtha amach ina Misean agus ina Fís. Ina measc siúd, bheadh tiomantas leantach:

1. D'fheasacht branda a chruthú;
2. Don Ghaeilge a chur chun cinn
3. Don chomhionannas (chothromas) a chur chun cinn agus do chearta daonna a chosaint i gcomhthéacs Dualgais Earnála Poiblí

| | |
|---|---|
| **Aidhm Straitéiseach 1** Inbhuainaitheacht airgeadais fadtéarmach na hInstitiúide a chinntiú. | |
| **ETF (KPI)** | i. Struchtúir, córais agus próisis eagraíochtúla a chur i bhfeidhm chun cuspóirí agus aidhmeanna na hInstitiúide a bhaint amach go héifeachtach, laistigh den bhuiséad. |
| **Aidhm Straitéiseach 2** Feasacht branda a chruthú don Institiúid go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. | |
| **ETF (KPI)** | i. Úsáid a bhaint as uirlisí margaíochta traidisiúnta, digiteacha agus meáin shóisialta chun an Institiúid a chur chun cinn. |
| **Aidhm Straitéiseach 3** Clú na hInstitiúide a mhéadú - ag léiriú gur Institiúid í atá tiomanta dá cuid foirne agus do chothromas i measc a foghlaimeoirí agus lucht na foirne. | |
| **ETF (KPI)** | i. Obair a dhéanamh chun creidiúnú Athena Swan a bhaint amach;<br>ii. An tríú scéim teanga Gaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;<br>iii. Féachaint chuige go gcomhlíontar Dualgais Earnála Poiblí. |
| **Aidhm Straitéiseach 4** Timpeallacht fhisiciúil agus infreastruchtúr IT na hInstitiúide a leasú. | |
| **ETF (KPI)** | i. An Plean Forbartha Campais 2011-2021 a uasdátú;<br>ii. An Plean FT \| IT a uasdátú. |
| **Sprioc** | **Faoin mbliain 2019, déanfaidh ITDD:**<br>i. Cóimheá airgid bliain i ndiaidh bliana a léiriú;<br>ii. Feasacht ar an staid mhargaidh a léiriú trí anailísíocht meán;<br>iii. Obair a dhéanamh chun Creidiúnú Athena Swan a bhaint amach;<br>iv. Féachaint chuige go gcomhlíontar Dualgais Earnála Poiblí;<br>v. Spriocanna na Scéime Teanga Gaeilge a bhaint amach;<br>vi. Obair a dhéanamh chun cistiú caipitil a aimsiú. |



## 4.2 CUR I BHFEIDHM AGUS DUL CHUN CINN A THUAIRISCIÚ

Leagann an Plean Straitéiseach amach na tosaíochtaí agus na cuspóirí ardleibhéil a bheidh mar bhonn faoin bpróiseas cinnteoireachta san Institiúid amach anseo. Tá an tUachtarán agus an Bord Feidhmiúcháin, le treoir ó Oifig an Leas-Uachtaráin Straitéise, Cumarsáide agus Forbartha, freagrach as cur i bhfeidhm an Phlean Straitéisí a bhainistiú, a athbhreithniú agus a thuairisciú. Tá na róil agus na freagrachtaí maidir leis na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach liostáilte in Aguisín 1.

Mar pháirt den phróiseas feidhmithe, forbrófar pleananna sonracha chun na haidhmeanna straitéiseacha in Aguisín 1 a bhaint amach. Léireoidh na pleananna seo conas mar a bhainfear amach na cuspóirí straitéise; na cuspóirí straitéiseacha sonracha agus SMART (specific, measurable achievable, realistic and timely - sonrach, intomhaiste, indéanta, réalaíoch agus tráthúil); eochairtháscairí feidhmíochta agus spriocanna. Rachaidh an Fheidhmeannach atá freagrach as gach cuspóir straitéiseach i gcomhar le Scoileanna, Ranna agus le haonaid feidhme chun an plean a fhorbairt laistigh den chéad trí mhí i ndiaidh glacadh leis an bPlean Straitéiseach.

Déanfar iniúchadh agus doiciméadú ar réimsí áirithe eile sna pleananna sonracha seo. De réir dea-chleachtais, aithneoidh gach cuspóir straitéiseach a phróifíl riosca agus a roghanna maolaithe riosca chun tacú le próiseas bainistíochta riosca na hInstitiúide. Le cúnamh ó Oifig an Leas-Uachtaráin Straitéise, Cumarsáide agus Forbartha, déanfaidh gach réimse critéir thagarmharcála a aithint. Aithneofar tosca seachtracha agus inmheánacha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar bhaint amach cuspóirí straitéiseacha agus eochairtháscairí feidhmíochta agus déanfar scóipeáil ar roghanna teagmhais dá réir. Déanfar creat measúnaithe a fhorbairt d'iarmhairt foriomlán ghnóthú gach cuspóra straitéisí. Glacfar ansin leis an gcreat chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta na hInstitiúide a mheas ina cuid cuspóirí straitéiseacha ar fad.

Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin athbhreithniú, monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn ar bhonn ráithiúil. Beidh sé seo mar bhonn faoin tuarascáil bhliantúil a chuirfear faoi bhráid an Chomhlachta Rialaithe arna athbhreithniú agus fhaomhadh. Beidh sé mar bhonn chomh maith faoin tuarascáil bhliantúil chuig an ÚAO (HEA) maidir leis an gComhshocrú Feidhmíochta Misean-Bhunaithe.

# TAGAIRTÍ


- An Plean Gníomhaíochta Oideachais 2016-2019
- Plean Gníomhaíochta do Phoist san Oirthuaisceart/Iarthuaisceart 2015-2017
- Tuarascáil AIRO: Bunús don Fhorás amach anseo – Próifíl socheacnamaíochta ar cheantar ITDD
- An Roinn Oideachais agus Scileanna. An Straitéis Náisiúnta Ard-Oideachais go dtí 2030 – Tuairisc ón nGrúpa Straitéise. BÁC: ROS, 2011
- An Roinn Oideachais agus Scileanna. Tacú le hAistriú Níos Fearr ón Oideachas Dara Leibhéal go dtí an tArdoideachas: Cur chun Feidhme agus na Chéad Chéimeanna Eile. BÁC: DES, 2005
- Fiontraíocht 2025
- An Sainghrúpa maidir le Cistiú san Ardoideachas sa Todhchaí (Tuarascáil Cassells, 2016)
- An tÚdarás um Ardoideachas. Staidéar ar Dhul Chun Cinn in Ardoideachas na hÉireann. BÁC: ÚAO, 2010
- An tÚdarás um Ardoideachas. Cothromas Rochtana a bhaint amach in Ardoideachas na hÉireann: Plean Gníomhaíochta 2005-2007
- An tÚdarás um Ardoideachas. Páipéar Comhairliúcháin: Tacú le forbairt phlean náisiúnta nua do chothromas rochtana ar an ardoideachas. BÁC, ÚAO, 2014
- An tÚdarás um Ardoideachas: Creat Feidhmíochta don Chóras Ardoideachais 2014-2016
- An tÚdarás um Ardoideachas: Feidhmíocht sa Chóras Ardoideachais, Próifílí Eagraíochta agus Earnála 2013/14
- An tÚdarás um Ardoideachas: Atbhreithniú Airgeadais ar Institiúidí Teicneolaíochta 2016
- An tÚdarás um Ardoideachas. Plean Náisiúnta maidir le Cothromas Rochtana ar an Ardoideachas 2008-2013
- An tÚdarás um Ardoideachas. Athbhreitnniú Náisiúnta um Chothromas Inscne in Ardoideachas na hÉireann 2016
- Creat Feidhmíochta sa Chóras Ardoideachais 2014-2016
- Nuálaíocht 2020
- Fóram Náisiúnta um Leasú Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas
- An Clár Comhpháirtíochta sa Rialtas
- Feasachán Réigiúnach Scileanna 2016
- Athbhreithniú ar Oiliúint Phrintíseachta in Éirinn 2013
- Scanadh ar Thimpeallacht Ardoideachais 2016
- Tacú le hIdirthréimhse Shocair ón mBreisoideachas go dtí an Ardoideachas – Cur i gCrích, 2016
- I dTreo Todhchaí don Ardoideachas 2012
- Díchuachadh an Ardoideachais 2016

# AGUISÍN 1

## FREAGRACHT FEIDHMIÚCHÁIN

| CUSPÓIR STRAITÉISEACH | FREAGRACHT FEIDHMIÚCHÁIN | PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA |
|---|---|---|
| Cuspóir Straitéiseach 1:<br>Braislí Réigiúnacha | Uachtarán agus Leasuachtarán Gnóthaí Acadúla agus Cláraitheoir | Braisle OLT/BÁCT (MEND) Plean Oibre 2017-2019 (más infheidhmithe) |
| Cuspóir Straitéiseach 2:<br>Rannpháirtíocht, Cothromas Rochtana agus Foghlaim Feadh an tSaoil | Leasuachtarán Gnóthaí Acadúla agus Cláraitheoir, Leasuachtarán Straitéise, Cumarsáide agus Fobartha agus Cinn Scoile | Rannpháirtíocht, Cothromas Rochtana agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil - Plean Gníomhaíochta 2017-2019 |
| Cuspóir Straitéiseach 3:<br>Barr Feabhais sa bhFoghlaim agus Teagasc agus Eispéireas Fiúntach don Fhoghlaimeoir | Cinn Scoile agus An Ceann Foghlama agus Teagaisc | Plean Gníomhaíochta Foghlama agus Teagaisc 2017-2019 |
| Cuspóir Straitéiseach 4:<br>Taighde agus Nuálaíocht Ardchaighdeáin, atá Iomaíoch go hIdirnáisiúnta | Leasuachtarán Gnóthaí Acadúla, Leasuactarán Straitéise agus an Ceann Taighde | Plean Gníomhaíochta Taighde 2017-2019 |
| **Cuspóir Straitéiseach 5:<br>Teagmháil Fheabhsaithe le lucht Fiontraíochta agus leis an bPobal agus Malartú Leabaithe Eolais** | **Leasuachtarán Straitéise, Cumarsáide agus Forbartha, Leasuachtarán Gnóthaí Acadúla agus Cláraitheoir** | **Plean Gníomhaíochta Teagmhála 2017-2019** |
| Cuspóir Straitéiseach 6:<br>Idirnáisiúnú | Leasuachtarán Gnóthaí Acadúla agus Cláraitheoir | Plean Gníomhaíochta Idirnáisiúnaithe 2017-2019 |
| Cuspóir Straitéiseach 7:<br>Comhdhlúthú Eagraíochta | Uachtarán agus Leasuachtarán Straitéise, Cumarsáide agus Forbartha<br><br>Leasuachtarán Gnóthaí Acadúla agus Cláraitheoir | Nuair is gá<br><br>Údarás Tarmligthe ag Leibhéil 9 agus 10 |
| Cuspóir Straitéiseach 8:<br>Athruithe a Chur i bhFeidhm | Leasuachtarán Airgeadais agus Gnóthaí Corparáideacha<br><br>Leasuachtarán Straitéise, Cumarsáide agus Forbartha | Plean Airgeadais 2015-2018<br>Plean FT\| IT 2017-2019<br>Athena Swan<br><br>Plean Forbartha Campais go dtí 2021<br>Plean Margaíochta agus Cumarsáide 2017-2019<br>An Tríú Scéim Teanga Gaeilge |



NASC LEIS AN BHFOGHLAIM

NASC LEIS AN BPOBAL

NASC LEIS AN DTODHCHAÍ



DUNDALK INSTITUTE OF TECHNOLOGY
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN DEALGAN

**WWW.DKIT.IE**


Dundalk Institute of Technology
Dundalk Co Louth Ireland
A91 K584

Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
Dún Dealgan Co Lú Éire
A91 K584

t +353 42 9370 200
f +353 42 9370 201
e info@dkit.ie